Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ar ceangal den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus costais na Seirbhíse Chúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an Lár-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.23 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, maireann téarma oifig an Bhoird trí bliana. Bunaíodh an Bord reatha ar 9 Samhain 2017. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheasadh sócmhainní caipitil de réir méid chothroim thar a saolré ionchais measta, ag tosú sa mhí a cuireadh sa tseirbhís.

Dímheastar foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

***Talamh agus foirgnimh a luacháil***

In 2016, glacadh leis an mbeartas ina luacháiltear foirgnimh phoiblí ar bhunús costas dímheasta athsholáthair agus cuireadh tús le clár luachála foirgneamh ar an mbunús seo. Is é costas dímheasta an athsholáthair an costas reatha ar an tsóchmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus gach foirm ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Luaitear foirgnimh atá á n-úsáid nach ndearnadh a athluacháil go fóill ar a gcostas stairiúil. Luacháiltear talamh agus foirgnimh nach bhfuil á n-úsáid ach a theastaíonn d'fhorbairt amach anseo ar luach margaidh/luach cóir.

## An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Ar an iomlán, tuairiscíodh fiche a sé socrú faoi Chiorclán 40/02 in 2017 ar a raibh luach iomlán €5,012,796. Déantar an miondealú seo a leanas orthu seo:

- Bhí luach iomlán €1,872,896 ar ocht gceannach dhílsithe.
- Síneadh dhá chonradh déag ar a raibh luach €1,376,652 i ndiaidh dháta an chonartha bhunúil:
    - Tugadh próiseas soláthair chun críche do 1 earra ar a raibh luach €747,098.
    - Tháinig dhá chás ar a raibh luach iomlán €258,252 chun solais mar gheall ar mhoilleanna aistrithe nuair a bhíothas ag aistriú chuig soláthraithe nua fóntais, a réiteofar i 2018.
    - Bhí dhá earraí ar a raibh luach iomlán €63,928 thíos le moilleanna am soláthair agus tá conarthaí i bhfeidhm anois.
    - Táthar ag dul i ngleic leis na 7 n-earra eile ar a bhfuil luach €307,374.

- Tháinig dhá chás ar a raibh luach €948,606 chun solais mar gheall go raibh conarthaí láraithe á dtabhairt chun críche san Oifig um Sholáthar Rialtais agus san Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Tá conradh nua i bhfeidhm do cheann amháin de na hearraí seo.
- Baineann ceithre chás ar a raibh luach €814,642 le sínte ar chonarthaí reatha. Bhí na síntí ag teastáil le dóthain ama a thabhairt don Oifig um Sholáthar Rialtais agus d'Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun creataí a chur i bhfeidhm.

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Fo-choiste is ea an Coiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste ná maoirseacht, comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an t-Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ceisteanna, iomláine na rialaithe inmheánacha airgeadais ina measc. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé athbhreithniú, chomh maith, ar agus faomhann sé clár oibre bliantúil na hIniúchóireachta Inmheánaí.

***Iniúchóireacht Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a d'fhaomh mé féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá hobair, agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chuimsiú ar bhonn rollach. Déanaimse, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Rialachas***

Tá dea-rialachas bunúsach i bhfeidhmiú éifeachtach na Seirbhíse. Ar aon dul le Caighdeán na Státseirbhíse um Rialachas Corparáideach nuashonraíodh an Creat um Rialachas Corparáideach reatha. Leagtar amach anseo an bonn reachtúil ina bhfeidhmímid, lena n-áirítear socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht, iniúchóireacht agus socruithe árachais. Foilsíodh an creat seo in 2016. Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna, chomh maith, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tháinig an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá creat rialachais láidir ann agus comhlíonann sí príomhghnéithe an chóid nua.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne chun seirbhís chomhroinnte airgeadais a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta ábhartha na seirbhísí siúd go bhfeidhmítear na rialaithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí Corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu seo de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí (FBS) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Corparáideacha. Buanearra is ea Bainistíocht Riosca do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus déanann an Príomhoifigeach Riosca tuairisciú leis an mBord ar oibríochtaí na bainistíochta riosca. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa Chlár na rialaithe reatha, na gníomhartha a bheartaítear a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialaithe do chomhaltaí sonracha foirne.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an FBS, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Seirbhíse curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den tSeirbhís atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2017 ar eascair, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as iniúchadh an ARC&C agus Iniúchadh Inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a threisiú, go háirithe i limistéir an bhonneagair TFC, feidhmchláir Thacaíochta Córas Gnó agus Soláthair.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

25 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2018

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | 140,080 | 133,115 | 112,365 |
| | **Ollchaiteachas** | **140,080** | **133,115** | **112,365** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **47,828** | **49,093** | **47,780** |
| | **Glanchaiteachas** | **92,252** | **84,022** | **64,585** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime fheidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 8,230,508 | 1,084,418 |
| Géilleadh iarchurtha | (6,000,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,230,508** | **1,084,418** |

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

25 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2017

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | | 44,519 | 27,308 |
| Pá | | | 50,052 | 48,998 |
| Neamhphá | | | 38,544 | 36,059 |
| **Ollchaiteachas** | | | **133,115** | **112,365** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **49,093** | **47,780** |
| **Glanchaiteachas** | | | **84,022** | **64,585** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | | (5,680) | | |
| Dímheas | | 6,323 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | | 47 | | |
| | | | 690 | 4,913 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (48) | | |
| Méadú ar stoc | | (25) | | |
| | | | (73) | (1,619) |
| **Caiteachas díreach** | | | **84,639** | **67,879** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara | 1.1 | | 43,684 | 41,139 |
| Measchíosanna [a] | | | 3,315 | 3,315 |
| **Glanchostas cláir** | | | **131,638** | **112,333** |

[a] Measchíos d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht an OOP a bhí áitithe ag an tSeirbhís Chúirteanna

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 180 | 180 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 11,070 | 8,339 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 113 | 793 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 121 | 107 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | 180 | 161 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 276 | 268 |
| Lár-Chiste – Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | 31,744 | 31,291 |
| | **43,684** | **41,139** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **218,021** | **194,464** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 26,511 | 1,631 |
| Stoic | 2.4 | 242 | 217 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,610 | 2,493 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,517 | 1,223 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,359 | 1,134 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **32,239** | **6,698** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,791 | 2,693 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 20,705 | 2,749 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 7,166 | 16 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **29,662** | **5,458** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,577** | **1,240** |
| **Glansócmhainní** | | **220,598** | **195,704** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú Stáit** | 2.1 | **220,598** | **195,704** |

### 2.1 An cuntas um chistiú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 195,704 | 213,265 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | 92,252 | | |
| Barrachas le géilleadh | | (2,230) | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (6,000) | | |
| Vóta glan | | | 84,022 | 64,585 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 43,684 | 41,139 |
| Neamhbhainteach le hairgead tirim | | | | |
| – measchíos | 1 | | 3,315 | 3,315 |
| – athluachálacha | 2.2 | | 25,901 | (14,149) |
| – aistriú sócmhainne chuig údarás áitiúil | 2.2 | | (390) | (118) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (131,638) | (112,333) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **220,598** | **195,704** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh TF agus oifige | Troscáin agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 234,938 | 43,273 | 32,463 | 1,335 | **312,009** |
| Breisiúcháin | 1,098 | 2,654 | 162 | 502 | **4,416** |
| Athluachálacha [a] | 37,180 | — | — | — | **37,180** |
| Aistriú sócmhainne chuig údarás áitiúil [b] | (515) | — | — | — | **(515)** |
| Diúscairtí | (55) | (60) | (1) | — | **(116)** |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 272,646 | 45,867 | 32,624 | 1,837 | **352,974** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 46,467 | 39,827 | 31,251 | — | **117,545** |
| Dímheas don bhliain | 4,537 | 1,431 | 355 | — | **6,323** |
| Dímheas d'athluacháil [a] | 11,279 | — | — | — | **11,279** |
| Dímheas chun sócmhainn a aistriú chuig Údarás Áitiúil [b] | (125) | — | — | — | **(125)** |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (8) | (60) | (1) | — | **(69)** |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 62,150 | 41,198 | 31,605 | — | **134,953** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **210,496** | **4,669** | **1,019** | **1,837** | **218,021** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 188,471 | 3,446 | 1,212 | 1,335 | 194,464 |

Foráiltear in Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 go n-aistrítear chuig an tSeirbhís Chúirteanna teideal dlíthiúil maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

[a] Ag tosú in 2016, tá sé mar bheartas foirgnimh a luacháil atá á n-úsáid ar bhunús costas dímheasta athsholáthair agus ag 31 Nollaig 2017, rinneadh 27 as 52 maoin, ar an iomlán, a athluacháil ar an mbunús seo. Tá tionchar na n-athluachálacha in 2017 le glanluach na talún agus na bhfoirgneamh a mhéadú €25.9 milliún.

Sainaithníodh trí fhoirgneamh a chuimsítear sa tábla thuas ar a bhfuil glanluach de réir na leabhar €319,000 le haghaidh diúscartha.

[b] Aistríodh Teach Cúirte Bhéal Átha na Muice ar a bhfuil glanluach de réir na leabhar €390,000 chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo in 2017.

## 2.3 An Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead thirim | 25,641 | 812 |
| Cuntais bhainc thráchtála [a] | 870 | 819 |
| | **26,511** | **1,631** |

[a] Is ionann seo agus na hiarmhéideanna a bhain leis an Státchiste de chuid na gcuntas bainc a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna an 31 Nollaig gach bliain.

Ní áirítear an t-iarmhéid cuntais €6.4 milliún (€7.4 milliún in 2016) ina bhfuil fáltais nach mbaineann leis an Státchiste, go príomha, a bhaineann le lóisteálacha faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgead bannaí agus fáltais bhosca déirce cuairteanna.

Chomh maith leis sin, coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Státchiste. Ní chuirtear na cistí seo san áireamh sa mhéid thuas.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 161 | 183 |
| Tomhaltáin | 14 | 21 |
| Ilghnéitheach | 67 | 13 |
| | **242** | **217** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 1,030 | 903 |
| Tuarastail a fhorchúiteamh | 137 | 43 |
| Earraí fionraí dochair eile | 173 | 174 |
| Óinchistí | 19 | 14 |
| | **1,359** | **1,134** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 749 | 995 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 17 | 9 |
| Cáin Bhreisluacha | 16,503 | 60 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 381 | 439 |
| Táillí Cúirte a bailíodh thar ceann vótaí eile | 1,487 | — |
| Fíneálacha | 353 | — |
| Cistí atá le tabhairt suas don Státchiste [a] | 870 | 819 |
| | 20,360 | 2,322 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 344 | 426 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 1 | 1 |
| | **20,705** | **2,749** |

[a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste de chuid na gcuntas bainc a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna an 31 Nollaig gach bliain.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 2,230 | 1,084 |
| Géilleadh iarchurtha | 6,000 | — |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (1,064) | (1,068) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **7,166** | **16** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 26,511 | 1,631 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,359 | 1,134 |
| | 27,870 | 2,765 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (20,359) | (2,322) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (345) | (427) |
| | (20,704) | (2,749) |
| | **7,166** | **16** |

## 2.8 Ceangaltais

| an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | | |
| TFC | 2,453 | 1,699 |
| Léasanna | 17,154 | 21,035 |
| Iasacht athchóirithe do Theach Cúirte Shráid Washington [a] | 12,666 | 14,587 |
| CPP | 287,299 | 278,439 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **319,572** | **315,760** |

[a] Nochtar príomhghné (caipitiúil) na hiasachta a bhí gan íoc ag deireadh na bliana, arb ionann é agus €10,575,000 (2016: €11,995,000) faoi nóta 2.8(b) – ceangaltais ilbhliantúla chaipitil. Baineann iarmhéid an cheangaltais le hús.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis seo | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2017 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iasacht athchóirithe do Theach Cúirte Shráid Washington | 13,045 | 1,380 | 10,575 | 25,000 | 25,000 |

**(c) Costas caipitil an tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| Ainm an Tionscadail CPP | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta tar éis seo | Iomlán an tionscadail 2017 | Iomlán an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 48,551 | 5,638 | 122,908 | 177,097 | 177,097 |
| Beart CPP [a] | — | 18,189 | 164,391 | 182,580 | 149,894 |
| **Iomlán** | **48,551** | **23,827** | **287,299** | **359,677** | **326,991** |

[a] In Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas pacáiste infheistíochta lena n-áirítear seacht dtionscadal teach cúirte, mar seo a leanas: Loch Garman, an Muileann gCearr, Port Láirge, Luimneach, Corcaigh, Leitir Ceanainn agus Droichead Átha. D'iontráil an tSeirbhís Chúirteanna conradh leis an rogha tairgeora i Nollaig 2015. Críochnaíodh trí cinn de na tionscadail CPP; Loch Garman, Leitir Ceanainn agus Droichead Átha in 2017 agus tá na 4 thionscadal CPP eile le críochnú go hiomlán in 2018.

Tagann an méadú ar iomlán tionscadail ó €149.9 milliún in 2016 go €182.5 milliún in 2017 mar gheall ar chostais chaipitlithe; úis mhaoinithe i rith tógála agus costais láithreacha a bhaineann leis an gcuibhreannas agus CBL. Tá na costais chaipitlithe seo i gcomhréir le rialacha na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Áirítear leis na ceangaltais €287 milliún atá infheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta tar éis seo gach muirear aonadach amach anseo.

## 2.9 Dliteanais aibithe

Bhí dliteanais aibithe neamhscaoilte ann ag deireadh na bliana arb ionann iad agus €12,100, (2016 - náid). Íocadh iad seo in Eanáir 2018.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 51,814 | 50,052 | 48,998 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 3,013 | 3,072 | 2,768 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 6,356 | 6,376 | 6,122 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,003 | 2,852 | 2,053 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 10,855 | 10,900 | 9,749 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 15,576 | 15,251 | 15,283 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 100 | 93 | 84 |
| | | **89,717** | **88,596** | **85,057** |

**Athruithe suntasacha**

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €51.814 milliún, toradh: €50.052 milliún

Baineann an choigilt €1.762 milliún ar chaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais le moilleanna ar phoist a líonadh go príomha ó phainéil sheachtracha, go háirithe leibhéal cléireachais agus oifigeach feidhmiúcháin, anuas ar choigilteas a bhain le foireann a athsholáthar ag pointí ní b'ísle ar an scála pá. Laghdaíodh an meastachán bunúil €51.814 milliún le virement €1 milliún anuas go dtí €50.814 milliún, chun íoc as an gcostas a bhí ar éilimh bhreise a raibh coinne leo ar chostais reatha neamhphá.

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €3.013 milliún, toradh: €3.072 milliún

Bhí an barrachas €0.059 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil mar gheall ar uainiú na n-éilimh a rinneadh. Méadaíodh an meastachán bunúil €3.013 milliún le virement aníos go dtí €3.189 milliún. Tá an laghdú €0.117 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim leasaithe suim €3.189 mar gheall ar dheacracht chun uainiú éileamh a thuar a bhí á seoladh ar ais. Bhí an toradh deiridh €3.072 milliún 2% ní b'airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.003 milliún, toradh: €2.852 milliún

Bhí an barrachas €0.849 milliún ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar mhoill a bhí ar aistriú líonra gutháin na Seirbhíse Cúirteanna ó Líonra Achair Fhairsing (WAN) chuig Néal-Líonra an Rialtais, a raibh súil leis go gcruthódh sé coigilteas. Mhéadaigh virement an meastachán bunúil €2.003 milliún aníos go dtí €2.73 milliún. Bhí an méadú €0.122 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim leasaithe suim €2.73 milliún mar gheall ar uasghrádú réiteach teileafónaíochta Bhainisteoir Cumarsáide Aontaithe Cisco (CUCM), lenar bhain ríthábhacht mar gheall gur bhain na bogearraí agus na freastalaithe reatha deireadh thréimhse thacaíochta an chonartha amach. Bhí an toradh deiridh €2.852 milliún 42% ní b'airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

*vi* *Costais áitreabh na hoifige*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €15.576 milliún, toradh: €15.251 milliún

Bhí an choigilt €0.325 milliún ar chaiteachas ar chostais áitreabh na hoifige mar gheall ar mhoill a bhí ar roinnt tionscadail chothabhála teach cúirte a chur i gcrích a bhí beartaithe don bhliain 2017, anuas ar uainiú íocaíochtaí maidir le solas, téamh agus breosla. Laghdaigh virement an meastachán bunúil €15.576 milliún anuas go dtí €15.109 milliún. Bhí an méadú €0.142 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim leasaithe €15.109 milliún mar gheall ar íocaíochtaí breise a rinneadh maidir le slándáil i mBaile Átha Cliath agus léasanna ag deireadh na bliana. Bhí an toradh deiridh €15.251 milliún 2% ní ba lú ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

## Clár A Na Cúirteanna a bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 51,814 | 50,052 | 48,998 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 37,903 | 38,544 | 36,059 |
| A.3 | Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | 4,880 | 3,992 | 4,223 |
| A.4 | Costais CPP | 45,483 | 40,527 | 23,085 |
| | | **140,080** | **133,115** | **112,365** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €6.965 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó (bhí €6 milliún den tearc-chaitheamh seo mar gheall ar chaipiteal a tugadh anonn ó 2017 go 2018).

Bhain €1.121 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus míníodh é cheana féin agus bhí an méid seo a leanas ina chúis leis an athraitheas €5.844 milliún:

*A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €4.880 milliún, toradh: €3.992 milliún

Ba í an mhoill a bhí ar láithreáin a cheannach i 2017 ba chúis leis an easnamh ar chaiteachas €0.888 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Tugadh suim €0.892 milliún anonn go 2018 faoi na soláthairtí maidir le caipiteal a thabhairt anonn. Bhí an toradh deiridh €3.992 milliún 18.2% ní ba lú ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

*A.4 Costais CPP*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €45.483 milliún, toradh: €40.527 milliún

Tá an t-easnamh ar chaiteachas €4.956 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán comhdhéanta de thearc-chaitheamh ar Íocaíochtaí Aonadacha Réigiúnacha CPP €2.160 milliún agus Íocaíochtaí CBL CPP €2.680 milliún mar gheall ar mhoill ar roinnt tithe cúirte réigiúnacha CPP a chríochnú, anuas ar thearc-chaitheamh €0.116 milliún, Íocaíocht Aonadach mar gheall ar aisíocaíocht árachais. Tugadh €2.091 milliún agus €2.617 milliún anonn isteach go 2018 maidir leis na híocaíochtaí Aonadacha Réigiúnacha CPP agus Íocaíochtaí CBL, faoi seach, faoi na soláthairtí caipitiúla um thabhairt anonn.

Bhí an toradh deiridh €40.527 milliún 10.9% ní ba lú ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí | 44,693 | 45,838 | 44,336 |
| 2 | Ilghnéitheach | 1,442 | 1,478 | 1,497 |
| 3 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,693 | 1,777 | 1,947 |
| | **Iomlán** | **47,828** | **49,093** | **47,780** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | — | — |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre [a] | 5,500 | 4,831 | 5,606 |
| Fíneálacha eile [a] | 4,000 | 4,573 | 3,308 |
| Fáltais eile [b] | — | 68 | 425 |
| An t-iomlán a aistríodh chuig an Státchiste | (9,500) | (9,472) | (9,339) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — | — |

[a] Tháinig méadú i 2017 ar luach na bhfíneálacha. Is éard is cúis leis seo ná méadú ar fhíneálacha 'Eile' (Státchiste) €1.265 milliún go príomha mar gheall go príomha ar fhíneáil €1 milliún ó chás na Cúirte Achomhairc. In éagmais an fháltais aonuaire seo €1 milliún, bheadh laghdú tagtha ar fháltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste mar gheall ar an aistriú chuig Acht na bhFíneálacha (Íocaíocht agus Aisghabháil) 2014, ar cuireadh tús leis an 11 Eanáir 2016. Iarmhairt leanúnach é an laghdú ar fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre i ndiaidh gur tugadh isteach Acht na bhFíneálacha agus i ndiaidh gur cuireadh imeachtaí forfheidhmithe i bhfeidhm i ngeall ar neamhíocaíocht fíneálacha. B'ionann an laghdú ar Fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre i 2017 agus €0.775 milliún.

[b] Coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2017 le cistí a taisceadh i 2010. Is é iarmhéid na gcistí seo ag 31 Nollaig 2017 €2.663 milliún.

## 4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann i 2017.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| — Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 956 | 1,421 |
| — Dleacht Mháil [b] | 4,933 | 4,935 |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 10 | 19 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 87 | 187 |
| An t-iomlán a aistríodh | (5,986) | (6,562) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

[a] Baineann airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

# Nóta 5 Líonta agus Pá Fostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **1,026** | **976** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 45,718 | 44,865 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 101 | 59 |
| Liúntais eile | 953 | 974 |
| Ragobair | 282 | 283 |
| ÁSPC ar fhostóra | 2,998 | 2,819 |
| **Pá iomlán** | **50,052** | **49,000** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2017 | Íocaíocht uasta aonair 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 37 | 1 | 13,975 | 8,658 |
| Liúntais eile | 244 | 13 | 19,585 | 19,961 |
| Ragobair | 138 | 7 | 22,550 | 22,323 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 57 | 11 | 24,405 | 24,476 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €51,830, ar an iomlán, i 2017 le triúr státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a bhí fostaithe ar feadh tréimhsí gearra i rith 2017. Tá an tsuim seo comhdhéanta de chostais phárolla €26,145 agus costais taistil agus chothabhála €25,684. Cuireadh an riail maidir le lacáiste pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.5 Costais a forchúitíodh

Forchúitíodh costais tuarastail €197,472 ó bhinsí agus ranna rialtais maidir le foireann ar iasacht.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí tuarastail

B’ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €149,281 milliún (121 duine aonair) (2016: €92,818 ina raibh 76 cás). B’ionann ró-íocaíochtaí nár íocadh a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm dóibh ag deireadh na bliana agus €76,316.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh agus a íocadh | Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ag muintir an phobail | 30 | 100 | 406 | 141 | 647 | 602 |

B'ionann íocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais chúitimh agus €505,716. Áiríodh leo seo costais a bhain le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, nuair ba pháirtí an tSeirbhís Chúirteanna leis na himeachtaí siúd, agus íocaíochtaí maidir le gníomhartha ar dhéileáil an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo, arb ionann iad agus €408,495.

## 6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chaiteachas maidir Costais Eadrána agus Idir-Réitigh in 2017. Bhí cás amháin ann in 2016 ar a raibh costas iomlán €15,188.

## 6.3 Díscríobh agus soláthairtí

I rith 2017, rinne Vóta 22 €3,390 a dhíscríobh maidir le hearráidí riaracháin (2016: €1,871).

## 6.4 Tabhairt anonn go dtí 2018

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 tugadh leithdháiltí nár caitheadh maidir le gnéithe caipitiúla €0.400 milliún, €0.892 milliún agus €4.708 milliún d'fhotheidil A.3 agus A.4, faoi seach, anonn go dtí 2018.

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú ag an tSeirbhís Chúirteanna nach ndearnadh luacháil orthu

Déanann an tSeirbhís Chúirteanna bainistíocht ar an méid seo a leanas faoi láthair:

1 Cúirt Dúiche Chorcaí, Sráid Anglesea, Cathair Chorcaí
2 Teach Cúirte Luimnigh, Sráid Mulgrave, Contae Luimnigh
3 Teach Cúirte Dhroichead Átha, Sráid Halla an Lín, Contae Lú
4 Teach Cúirte an Mhuilinn gCearr, Sráid an Mhóta, an Muileann gCearr, Contae na hIarmhí

Tá na tailte seo dílsithe sa tSeirbhís Chúirteanna. Aistríodh na tailte chuig an tSeirbhís Chúirteanna ar chostas ar bith.